

AISTÍ LITRÍOCHTA: LEATHANACH STÍLE

CUR I LÁTHAIR:

- 2,500–3,000 focal (ag brath ar an modúl cuí).
- I bhfoirm chlóschríofa a chuirfear na haistí ar fáil agus imeall 1.5" ar thaobh clé gach leathanaigh.
- Cuirtear ainm agus uimhir mic léinn, teideal an ábhair a roghnaíodh agus ainm an léachtóra ar an gcéad leathanach.
- Cuirtear isteach uimhreacha na leathanach.
- Bíodh tuairisc achomair ar ábhar na haiste san alt tosaigh agus tugtar argóint(í) na haiste le chéile san alt deiridh.
- Seachanaítear an t-athrá ach amháin san alt deiridh.
- Dírítear isteach ar an ábhar atá le plé: ná caitear an iomarca ama ag tabhairt cuntais ar bheatha an údair muna mbaineann sé go dlúth leis an bplé atá á dhéanamh ar an saothar féin.
- Cuirtear sleachta a bhaineann le hábhar ('relevant citations') ar fáil ón mbunsaothar cuí mar léiriú ar argóintí na haiste. Is fearr i gcónaí an sliocht cruinn athfhriotail a thabhairt seachas é a thabhairt i d'fhocail féin. Is annamh is gá an dá rud a dhéanamh.
- Más féidir cur leis an bplé trí thagairt a dhéanamh do shaothar nach bhfuil ar an gcúrsa is cóir é sin a dhéanamh ach go mbaineann sé le hábhar.
- Nuair a bhaintear úsáid as saothar údair eile ón liosta léitheoireachta a scaipfear i dtús an mhodúil, is cóir tagairt chruinn a thabhairt don fhoinsé (feic 'Tagairtí' thíos) agus na foinsí ar fad a chur i ndeireadh na haiste (feic 'Foinsí Tánaisteacha' thíos).
- Baintear úsáid as na háiseanna foclóra seo a leanas (i) ar líne, téarma.ie, foclóir.ie, teanglann.ie; (ii) Niall Ó Dónaill, *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath, 1977); Pádraig Ó Mianáin, *Concise English-Irish dictionary* (Baile Átha Cliath, 2020).

TAGAIRTÍ:

(1) Más ag tagairt d'alt atáthar, cuirtear an teideal idir uaschamóga simplí, m.sh.: 'Saving civilisation: Céitinn and Ó Bruadair'.

Más ag tagairt do leabhair nó d'irisí atáthar cuirtear an teideal i gcló iodálach, m.sh.:
Searc na suadh: gnéithe de fhilíocht Dháibhí Uí Bhruadair.
Studia Hibernica 20 (1980).

(2) Tá dhá shlí ann chun nóta a chur leis an téacs:

(a) fonóta a chur isteach: uimhir bheag forscríofa sa téacs féin ¹, agus beidh uimhir a fhreagraíonn dó i mbun an leathanaigh. Tugtar sonraí an tsaothair ar fad an chéad bhabhta a ndéantar tagairt dó agus tugtar teideal níos giorra aon uair eile ina dhiaidh sin, m.sh.:

An Luan dar gcionn, 7 Eanáir 1895, luigh Pádraig Ó Laoghaire amach ar a phost nua ag múineadh i mbunscoil na mbuachaillí i dTír an Iúir, post a bhí go hoifigiúil aige go dtí 29 Deireadh Fómhair 1896.¹ Ní túisce a bhí an Béarrach fir seo socraithe isteach ar a shaol nua san ardchathair ná gur chrom sé ar ghnó eile a chur i gcrích, mar atá cnuasach scéalta a bhailigh sé ó bhéalaithris a cheantair dhúchais a réiteach chun a chlóite. Chuir sé an chuid is mó den obair seo i gcrích i leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann.²

nó

(b) Is féidir 'Córas Harvard' a úsáid agus tagairtí á ndéanamh, m.sh.: 'Tá sé ráite ag scoláirí áirithe (Kiberd 2000: 37, Dunne 1980: 9) go bhfuil'. Muna bhfuil ach aon saothar amháin i gceist, ní gá ach ainm agus dáta a lua, m.sh.: 'Áitíonn Kiberd (2000: 37) go bhfuil an fhilíocht pholaitiúil ...'.

FOINSÍ TÁNAISTEACHA:

Ní foláir liosta iomlán na saothar ar tagraíodh san aiste dóibh a chur le chéile. Ná cuirtear aon teideal sa liosta seo nár luadh i gcorp na haiste féin. Is de réir shloinne na n-údar agus in ord aibitíre a liostálfar na saothair (féach an sampla thíos). Níl aon ghnó ag tagairtí do nótaí léachta / nótaí an léachtóra in aiste acadúil: is mar chabhair bhreise iad sin amháin agus an modúl a bheith ar bun.

Binéid, Dara, *Searc na suadh: gnéithe de fhilíocht Dháibhí Uí Bhruadair* (Baile Átha Cliath, 2003).

Brady, Anne M., agus Brian Cleeve, *A biographical dictionary of Irish writers* (Mullingar, 1985).

Breathnach, Breandán, 'The pipers of Kerry', *Irish Folk Music Studies. Éigse Cheol Tíre* 4 (1982–1985), 5–29.

Breathnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis a haon* (Baile Átha Cliath, 1986); ar fáil chomh maith ag: <https://www.ainm.ie/> [faighte 5 Nollaig 2022].

Dunne, Tom, 'The Gaelic response to conquest and colonisation: the evidence of the poetry', *Studia Hibernica* 20 (1980), 7–30.

¹ Meidhbhín Ní Úrdail, *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896): an Irish scholar from the Béarra Peninsula* (Cork, 2021), 13.

² Ní Úrdail, *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896)*, 16.

- Kiberd, Declan, ‘Saving civilisation: Céitinn and Ó Bruadair’ in *ibid.*, *Irish classics* (London, 2000), 25–38.
- Ní Úrdail, Meidhbhín, *Pádraig Ó Laoghaire (1870–1896): an Irish scholar from the Bérarra Peninsula* (Cork, 2021).
- Ó Cruailaoich, Gearóid: ‘The vision of liberation in *Cúirt an Mheán Oíche*’ in Pádraig de Brún, Seán Ó Coileáin, Pádraig Ó Riain (eag.), *Folia Gadelica: essays presented to R.A. Breatnach* (Cork, 1983), 95–104.
- Ó Fiannachta, Pádraig, *Clár lámhscríbhinní Gaeilge: leabharlanna na cléire agus mionchnuasaigh*, fasc. I. (Baile Átha Cliath, 1978).
- , *An barántas* (Má Nuad, 1978).
- Uí Chatháin, Bláthnaid, *Éigse Chairbre: filíocht ó Chairbreacha i gCo. Chorcaí agus ón gceantar máguaird 1750–1850* (Baile Átha Cliath, 2006).